An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Micreamhodúl Idirbhliana

## Bearta a dhéanamh le haghaidh Maireachtáil Inbhuanaithe: *Smaoinigh*, *Pleanáil*, *Gníomhaigh*

**CNCM**
**Samhain 2024**

# An Idirbhliain


Is clár roghnach bliana í an Idirbhliain (IB) atá ar fáil do gach iar-bhunscoil agus a bhíonn ar tairiscint mar chuid d'eispéireas na sraithe sinsearaí. Le linn na sraithe sinsearaí, forbraíonn an scoláire braistint níos láidre ar a fhéiniúlacht agus é ag foghlaim in éineacht lena chomhscoláirí, le múinteoirí agus le daoine fásta eile, agus ag foghlaim uathu. Le linn na sraithe sinsearaí, cuirtear oideachas ar an duine iomlán. Ba cheart go gcuirfeadh eispéiris an scoláire le linn na sraithe sinsearaí lena fhorbairt intleachtach, shóisialta agus phearsanta mar aon lena fholláine ar bhonn ginearálta. Le linn na hIdirbhliana, seans go bhforbródh an scoláire caidrimh níos aibí le múinteoirí agus le daoine fásta eile agus é ag éirí níos gníomhaí i dtaca lena thaithí oideachais féin a cheapadh, agus i dtaca le cur leis an tsochaí é féin.

Cuireann cláir Idirbhliana deis ar leith ar fáil sa tsraith shinsearach inar féidir le scoileanna agus pobail a bheith ag obair i gcomhpháirt chun daoine óga a spreagadh le rathúlacht a bhaint amach anois agus amach anseo. Soláthraíonn an Idirbhliain am, spás agus neamhspleáchas chun eispéiris foghlama thaitneamhacha bhríocha a chruthú lena dtacaítear leis an scoláire sa tsraith shinsearach agus, san am céanna, lena n-éascaítear a rannpháirteachas le réimse níos leithne de chonairí agus d'fhéidearthachtaí. Réitíonn sí daoine óga le tacaíochtaí agus le heispéiris d'fhonn acmhainneacht bhreisithe a fhorbairt chun freagairt don éiginnteacht, chun an chastacht a láimhseáil agus chun athrú dearfach eiticiúil a spreagadh sa tsochaí.

# Príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí

Is scáth-théarma é príomhinniúlachtaí lena dtagraítear don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn an scoláire le linn na sraithe sinsearaí, rudaí a chabhraíonn leis a bheith ina fhoghlaimeoir níos treallúsaí, feabhsaithe agus níos inniúla.

Tá tuilleadh faisnéise faoi phríomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí ar **ncca.ie**.




**Fíor 1:** Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach a dtacaíonn litearthachtaí


# Gnéithe Scoláire den Idirbhliain

Déantar cur síos leis na Gnéithe Scoláire ar na bealaí inar féidir leis an scoláire forbairt a dhéanamh san Idirbhliain agus na heispéiris a d'fhéadfadh tacú leis an bhforbairt sin. Is iad seo a leanas na ceithre Ghné Scoláire:

- Fás Pearsanta
- A bheith i d'Fhoghlaimeoir
- Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail
- Taighde Gairme.

Tá na ceithre Ghné Scoláire ceaptha le bheith cónasctha sa dóigh gurb amhlaidh, le chéile, go mbíonn trasnú ann idir iad agus gach ceann de na seacht bpríomhinniúlacht atá sa tsraith shinsearach. Cuimsíonn gach ceann de na Gnéithe Scoláire tacar táscairí forbartha agus eispéireas scoláire bainteach.

**Is féidir tuilleadh sonraí a fháil i Ráiteas Chlár na hIdirbhliana** (l.11-15).




**Fíor 2:** Achoimre ar Ráiteas Chlár na hIdirbhliana

Liostaítear i dTábla 1 na táscairí forbartha is dóchúla a dtacófar leo trí rannpháirtíocht agus rannpháirteachas an scoláire sa mhicreamhodúl seo.

**Tábla 1** Gnéithe Scoláire a dtacaíonn an micreamhodúl leo.

| Gné Scoláire | Táscairí Forbartha is ábhartha don mhicreamhodúl |
|---|---|
| **Fás Pearsanta** | • A bheith ag tosú a bhreathnú ar dhúshláin mar dheiseanna breise le haghaidh fáis<br>• A bheith ag glacadh úinéireachta níos minice ar a chuid iompraíochtaí agus cinntí féin<br>• Níos mó treallúis agus ceannasaíochta a léiriú ar scoil, sa bhaile agus sa phobal |
| **A bheith i d'Fhoghlaimeoir** | • Tábhacht an aiseolais a thuiscint agus níos mó measa a léiriú air.<br>• Cur le hacmhainneacht i dtaca le foghlaim neamhspleách fhéinrialaithe<br>• A scileanna cumarsáide agus láithreoireachta a leathnú.<br>• A chuid smaointe féin a chur in iúl níos soiléire agus é ag plé le smaointe daoine eile |
| **Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail** | • Caidrimh níos comhbháiche measúla a chothú le daoine, áit, an dúlra<br>• Gníomhú chun maireachtáil ar bhealach níos inbhuanaithe.<br>• A bheith ag iarraidh cur le saol níos córa.<br>• Tuiscint níos fearr a bheith aige ar idirghaolmhaireachtaí na bpobal áitiúil, náisiúnta agus domhanda. |

# Réasúnaíocht

Tá ceisteanna na linne seo casta agus dúshlánach. Tá sé tábhachtach go dtuigeann an scoláire an tionchar atá aige ar na ceisteanna céanna, agus ar an gcaoi a bhfuil sé in ann gníomhú chun iad a athrú, ar bhonn aonair agus i gcomhar le daoine eile. Is féidir leis an scoláire tús a chur le scrúdú a dhéanamh ar na bunchúiseanna ach na ceisteanna inbhuanaitheachta a shainaithint ina shaol laethúil, agus ar an gcaoi sin is féidir leis tús a chur le hiniúchadh a dhéanamh ar inbhuanaitheacht go domhain ar bhealach a léiríonn a idirnasc leis an gcoincheap seo. Nuair a dhéantar comhthéacsú ar inbhuanaitheacht ar an gcaoi a dtuigeann an scoláire í agus ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn sé léi, is féidir tuiscint níos doimhne a fháil ar bhearta agus is féidir na bearta céanna a shainaithint. Is féidir leis an scoláire bearta a dhéanamh é féin, chun tionchar a imirt ar an tsochaí, ar an ngeilleagar, agus ar an imshaol chun cuidiú leis an saol seo a chothú ionas go mbeidh gach neach in ann maireachtáil air. Bíonn an micreamhodúl seo a bhíonn faoi stiúir an scoláire ina chabhair chun an méid atá ar eolas ag an scoláire óna eispéiris sa saol seo agus óna réamhfhoghlaim a dhaingniú, agus cuidíonn sé leis chun gníomhú agus chun eolas a fhorbairt a chuirfidh le tuilleadh iniúchta ar cheisteanna inbhuanaitheachta sa tsraith shinsearach agus ina diaidh.

Is féidir leis an múinteoir tacú leis an scoláire páirt a ghlacadh i dtaighde ina ndéantar iniúchadh ar cheist inbhuanaitheachta dá rogha féin agus chun páirt a ghlacadh i bhféinmhachnamh faoi threoir chun cuidiú leis an scoláire tuiscint fháil ar an gcaoi a ndéanann a shaol, a luachanna agus a mheonta dochar nó maitheas don cheist inbhuanaitheachta a roghnaigh sé. Cuireann sé seo ar chumas an scoláire beart fiúntach a shainaithint, a shamhlú, a phleanáil agus a dhéanamh chun feabhas a chur ar chleachtais inbhuanaitheachta.

# Aidhm

Déanfaidh an micreamhodúl seo an méid seo a leanas:

- cuidiú leis an scoláire ceisteanna inbhuanaitheachta atá ina shaol laethúil a phlé
- an scoláire a chumhachtú chun beart a fhorbairt le haghaidh inbhuanaitheachta
- muinín an scoláire a fhorbairt nuair a bheidh sé ag labhairt le daoine eile faoi cheisteanna inbhuanaitheachta agus faoin bhfáth ar féidir le bearta dearfacha cuidiú linn maireachtáil ar bhealach níos inbhuanaithe

# An t-am a thugtar

Ceapadh an micreamhodúl seo le haghaidh 10 n-uair an chloig de theagasc agus foghlaim. Is féidir breithiúnas gairmiúil a úsáid chun líon na n-uaireanta a chur in oiriúint chun nádúr na rannpháirtíochta scoláire a chur san áireamh ionas go gcuimseofar leis an micreamhodúl idir am teagmhála ranga agus foghlaim fhéintreoraithe neamhspleách.

# Torthaí Foghlama

Ceapadh na torthaí foghlama thíos chun teagasc agus foghlaim a chur chun cinn a fhorbraíonn eolas, scileanna, luachanna agus meonta an scoláire de réir a chéile, rud a chuireann ar a chumas a phríomhinniúlachtaí a chur i bhfeidhm ar chásanna difriúla de réir mar a théann sé chun cinn. Sa cholún ar dheis, tá torthaí foghlama a dhéanann cur síos ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ba cheart a bheith ar chumas an scoláire i ndiaidh tréimhse foghlama. Sa cholún ar chlé, déantar cur síos ar réimsí ar leith faoina bhfoghlaimíonn an scoláire. I dteannta a chéile, cuirfidh siad seo soiléireacht agus comhleanúnachas leis na codanna eile den tsonraíocht ar fáil.

Tá uimhir le gach toradh foghlama chun tacú le pleanáil an mhúinteora. Ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith sna torthaí iad féin.

**Tábla 2** Torthaí Foghlama

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Ábhair Inbhuanaitheachta**<br>An chaoi ar tháinig athrú agus forbairt ar a dhearcthaí agus ar<br>a thuiscint féin ar an inbhuanaitheacht.<br><br>Roinnt bealaí ina mbíonn tionchar ag an gceist inbhuanaitheachta a roghnaíodh ar a shaol. | **1.1** Machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann a luachanna, meonta, iompraíochtaí agus spéiseanna bonn eolais faoina thuiscint ar inbhuanaitheacht agus ar an gcaoi a ngníomhaíonn sé<br><br>**1.2** Scrúdú a dhéanamh ar an idirnasc idir an cheist inbhuanaitheachta a roghnaíodh, a shaol laethúil, agus saol daoine eile ina phobal |
| **Scileanna Taighde**<br>Straitéisí cuardaigh éifeachtacha trí úsáid a bhaint as uirlisí ar líne agus as foinsí fisiciúla, foinsí iontaofa a aimsiú, eolas a bhaint, eolas a léirmhíniú, meastóireacht/anailísiú a dhéanamh<br>ar eolas, tagairtí a dhéanamh d'fhoinsí, bealaí chun an t-eolas a chur i láthair, nótaí eagraithe a choinneáil, úsáid a bhaint as dialann nó as a phunann Idirbhliana. | **2.1** Taighde a dhéanamh go neamhspleách ar ábhar inbhuanaitheachta dá rogha féin<br><br>**2.2** Measúnú agus machnamh a dhéanamh ar an eolas a fuarthas |
| **Beart a Ghlacadh**<br>An próiseas a bhaineann le beart a ghlacadh le haghaidh maireachtáil inbhuanaithe a bhaineann lena shaol féin: scóipeáil, pleanáil, ag dul i gcomhairle le daoine agus ag obair le daoine eile, a ghníomh a chothú, tionchar a thomhas. | **3.1** Beart a cheapadh, a phleanáil agus a ghlacadh chun tacú le hinbhuanaitheacht ina mhuintir, ina scoil, ina phobal nó sa tsochaí níos leithne, go neamhspleách nó i gcomhar le daoine eile |
| **Muinín Chumarsáide**<br>Straitéisí cumarsáide éifeachtacha chun a thuairimí, a chreidimh, a eolas agus a thuiscint a chur i láthair, trí réimse meán agus gníomhaíochtaí, ag gach céim dá thuras gníomhaíochta inbhuanaithe, amhail: aiseolas idir comhscoláirí, cur i láthair sa rang, comhroinnt eolais, punann Idirbhliana, nuachtán áitiúil, scéalchlár digiteach, podchraoladh, srl. | **4.1** Insint an scéal a birt, chomh maith leis an tionchar atá ag an mbeart, go barántúil ach meán dá rogha féin a úsáid |
| **Féinmhachnamh**<br>Úsáid an fhéinmhachnaimh faoi threoir chun an t-eolas atá aige air féin a fheabhsú agus a luachanna agus a mheonta a shainaithint | **5.1** Machnamh a dhéanamh ar an gcaidreamh idir a luachanna féin agus a bheart roghnaithe |
| **Rannpháirtíocht Ghníomhach**<br>Páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal agus ina shochaí | **6.1** Úsáid a bhaint as a thionscnaíocht féin chun cleachtais inbhuanaitheachta a fheabhsú laistigh dá theaghlach, dá scoil agus dá phobal. |

# Teagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire

Bíonn cur chuige dinimiciúil ag teastáil i dteagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire ina dtugtar tús áite do rannpháirtíocht, taiscéalaíocht, agus forbairt an scoláire. Sainaithnítear sa Ghné Churaclaim le haghaidh Teagaisc agus Measúnú cleachtas gairmiúil coiteann agus cleachtas an tseomra ranga atá in ann tacú le foghlaim agus forbairt an scoláire. Go sonrach, ba cheart do chuir chuige i leith an teagaisc san Idirbhliain an scoláire a fhorbairt mar fhoghlaimeoir agus é a spreagadh chun freagracht a ghlacadh as a fhoghlaim féin. Beidh tionchar mór ag aidhmeanna agus ag torthaí foghlama an mhicreamhodúil ar rogha na n-oideolaíochtaí teagaisc.

## Ábhair agus bearta

Tar éis don scoláire machnamh a dhéanamh ar mhaireachtáil inbhuanaithe ar feadh píosa, cuimsítear an méid seo a leanas leis na hábhair a bhféadfadh an scoláire taighde a dhéanamh orthu: tionchar áitiúil an athraithe aeráide, caillteanas bithéagsúlachta, ceart geilleagrach, rochtain ar áiseanna faoin aer, cosaint an chomhshaoil, slándáil uisce, talmhaíocht inbhuanaithe, athbhunú speicis san fhiántas, fuinneamh glas, cleachtais tomhaltais a bhaineann le bia/faisean/iompar/úsáid fuinnimh, an geilleagar ciorclach, truailliú, bainistíocht dramhaíola, athchúrsáil agus uaschúrsáil.

Agus an scoláire ag cuimhneamh ar a mhachnaimh agus ar a thaighde féin, d'fhéadfadh an scoláire bearta a ghlacadh amhail: iniúchadh criticiúil ar shaolré na pacáistíochta, iniúchadh ar chleachtais athchúrsála agus an chaoi nach leor athchúrsáil inti fein, oibriú ar son bithéagsúlacht níos fearr, speicis san fhiántas a athbhunú i gceantar áitiúil, lochán nó gnáthóg fiadhúlra a chruthú, malartáin neamhairgeadaíochta amhail an geilleagar ciorclach, malartú éadaí, roghanna taistil inbhuanaithe ina scoile nó ina theaghlach, beart polaitiúil chun tacú le roghanna iompair níos glaise ina phobal, tomhaltas a laghdú, iniúchadh ar thomhaltas bia laistigh dá theaghlach, scoil nó pobal, critíc a dhéanamh ar bhearta a scoile ar son na hinbhuanaitheachta.

## Cuir chuige a mholtar

Ba cheart don mhúinteoir úsáid a bhaint as a bhreithiúnas gairmiúil chun na hoideolaíochtaí cuí agus na heispéiris foghlama bharántúla is fearr a thacóidh lena scoláirí sa mhicreamhodúl seo a roghnú.

Is féidir tacú leis an scoláire aonair nó is féidir tacú le grúpa scoláirí chun beart fiúntach a shainaithint, a shamhlú, a phleanáil agus a chur i bhfeidhm le haghaidh maireachtáil níos inbhuanaithe sa teaghlach, scoil, nó pobal. Ó tharla go ndírítear sa mhicreamhodúl ar éascaíocht a dhéanamh ar bheart pearsanta nó comhoibríoch faoi threoir an scoláire féin a bhaineann le maireachtáil inbhuanaithe, d'fhéadfadh go gcuimseofaí an méid seo a leanas le hoideolaíochtaí molta:

- Curaclam Comhtháite Idirbheartach
- Foghlaim bunaithe ar áit – iniúchadh a dhéanamh ar an saol lasmuigh den seomra ranga agus ceangal an scoláire leis an áit
- Athmhachnamh a dhéanamh ar an seomra ranga – malairt foghlama nó ceangail fhíorúla le ranganna eile, mar shampla
- Oideolaíochtaí daonlathacha a leagann béim ar ghuth an scoláire
- Cineálacha cur chuige scoláire-lárnaithe agus idirghníomhacha atá bunaithe ar fhiosrú
- Oideolaíochtaí foghlama rannpháirtíochta agus ionchuimsithí
- Cineálacha cur chuige cruthaitheacha chun tacú leis an scoláire an chuma a d'fhéadfadh a bheith ar mhaireachtáil inbhuanaithe a shamhlú

Tugtar naisc chuig cuid de na hoideolaíochtaí seo in Acmhainní thíos. Ceapadh an micreamhodúl seo chun tacú le neamhspleáchas múinteoirí i dtaca leis an mbealach is fearr chun an scoláire a chumhachtú chun gníomhú ar son maireachtáil inbhuanaithe, agus an scoláire a threorú trí na próisis seo a leanas:

- machnamh a dhéanamh ar a luachanna agus a chreidimh féin maidir le maireachtáil inbhuanaithe
- ceisteanna inbhuanaitheachta a shainaithint agus taighde a dhéanamh orthu
- foghlaim faoin gcaoi a bhfuil na ceisteanna sin fite fuaite ina shaol féin
- pleanáil do bheart
- an beart sin a chur i bhfeidhm
- machnamh criticiúil a dhéanamh ar a bheart féin, go háirithe maidir lena luachanna, spreagthaí agus meonta féin
- a fhoghlaim a roinnt.

Tugtar gníomhaíochtaí i dTábla 3 a d'fhéadfaí a úsáid chun tacú leis an scoláire chun na torthaí foghlama a bhaint amach. Is féidir na gníomhaíochtaí a chur in oiriúint agus níl siad saintreorach ná uileghabhálach.

**Tábla 3** An chaoi a dtacaíonn an micreamhodúl leis na torthaí foghlama.

| Torthaí Foghlama | Gníomhaíochtaí molta |
|---|---|
| **Ábhair Inbhuanaitheachta**<br><br>**1.1, 1.2** | • Cleachtas machnamhach faoi threoir chun tacú leis an scoláire le ceist inbhuanaitheachta a shainaithint chun taighde a dhéanamh uirthi. Is féidir tacú leis seo trí ghníomhaíochtaí amhail; dialann mhachnaimh, plé idir comhscoláirí, aiseolas fiúntach.<br>• Punann phearsanta a chruthú ina sonraítear a mhachnaimh ar an gcaoi a bhfuil ceisteanna inbhuanaitheachta ann ina shaol. Is féidir é seo a chomhtháthú ina phunann Idirbhliana.<br>• Éascaíocht a dhéanamh ar ghníomhaíocht chun tacú le haiseolas idir comhscoláirí sna céimeanna tosaigh de shamhlú agus de phleanáil an bhirt inbhuanaitheachta. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh trí, mar shampla, gníomhaíocht ranga 'geandála gasta', gníomhaíocht timpealláin foghlama comhoibrithí chun smaointe a roinnt agus chun aiseolas a fháil, mion-láithreoireachtaí ó bhéal (nó láithreoireachtaí póstaeir). Chomh maith leis sin, tacóidh na gníomhaíochtaí seo leis an scoláire chun foghlaimeoirí eile a shainaithint a bhfuil spéiseanna i gcoitinne acu, foghlaimeoirí a bhféadfadh sé comhoibriú leo ar an mbeart inbhuanaitheachta |
| **Scileanna Taighde**<br><br>**2.1, 2.2** | • Taighde a dhéanamh ar a ábhar inbhuanaitheachta roghnaithe go neamhspleách nó go comhoibríoch agus cur i láthair a dhéanamh faoin bpróiseas a bhaint leis an gcaoi ar bhailigh agus ar eagraigh sé a eolas<br>• Aiseolas idir comhscoláirí a thabhairt agus a ghlacadh ar fhoinsí a úsáideadh chun taighde a dhéanamh ar a ábhair roghnaithe<br>• Machnaimh leanúnacha i gcaitheamh an phróisis ar na rudaí a fhaigheann sé amach agus faoina fhorbairt féin mar thoradh ar a thaighde pearsanta ar a bhfuil i gceist le maireachtáil inbhuanaithe maidir lena shaol féin, agus céard is cúis le heolas agus foinsí a bheith iontaofa. |
| **Beart a ghlacadh, muinín chumarsáide, féinmhachnamh**<br><br>**3.1, 4.1, 5.1** | • Cruthú déantáin chun fianaise ar fhoghlaim a chruthú agus an méid a foghlaimíodh a chur in iúl do dhaoine eile. D'fhéadfadh an déantán a bheith i bhfoirmeacha éagsúla agus ba cheart é a fhorbairt de réir sraith critéar chomhaontaithe agus chomhroinnte. Mar shampla; punann fhisiciúil nó dhigiteach ina léirítear an próiseas a bhaineann le beart a ghlacadh, scéal digiteach d'achar ar leith agus de líon focal ar leith, podchraoladh le duine ar tháinig athrú ar a nósanna laethúla de bharr an ghnímh, agus mar sin de.<br>• Cur i láthair deiridh, i bhformáid dá rogha féin, agus a forbraíodh de réir sraith critéar chomhroinnte, ina léirítear go príomha an chaoi a raibh tionchar ag a luachanna agus ag a spéiseanna féin ar a bhearta roghnaithe agus b'fhéidir an chaoi ar forbraíodh iad seo ar fud cuid de na Gnéithe Scoláire (féach tábla 1) |
| **Muinín chumarsáide, rannpháirtíocht ghníomhach**<br><br>**4.1, 6.1** | • Deiseanna chun cur i láthair a thabhairt sa rang agus chun smaointe a phlé le comhscoláirí agus le daoine eile sa phobal<br>• Cruthú déantáin foghlama faoi threoir, ina léirítear an chaoi ar úsáid an scoláire a thionscnaíocht féin chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht shibhialta agus ar rannpháirtíocht sa phobal |

# Measúnú

Baineann measúnú sa tsraith shinsearach le faisnéis faoi phróisis agus faoi thorthaí foghlama a bhailiú, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. Tá foirmeacha éagsúla measúnaithe ann agus úsáidtear é ar chúiseanna difriúla. Tacaíonn an measúnú leis an bhfoghlaim agus feabhsaíonn sé í trí chabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir na chéad chéimeanna eile sa phróiseas teagaisc agus foghlama a shainaithint.

Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim an scoláire agus soláthróidh siad faisnéis don mhúinteoir agus don scoláire atá inúsáidte mar aiseolas, sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do riachtanais an fhoghlaimeora aonair. De thoradh tascanna atá cuí agus mealltach a leagan síos, ceisteanna a chur agus aiseolas a thabhairt a chuireann neamhspleáchas an fhoghlaimeora chun cinn, tacóidh an measúnú leis an bhfoghlaim agus leis an dul chun cinn, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt phríomhinniúlachtaí an scoláire agus coimriú a thabhairt ar an ngnóthachtáil.

## Modhanna Measúnaithe

Is iad na modhanna measúnaithe atá liostaithe thíos is gaire a ailíníonn le haidhmeanna, le réasúnaíocht agus le torthaí foghlama an mhicreamhodúil agus leis an gcuid Teagasc agus Measúnú de Ráiteas Chlár na hIdirbhliana freisin.

- An beart a dhéanamh ar son maireachtáil inbhuanaithe agus fianaise ar an tionchar
- Láithreoireachtaí mar dhuine aonair nó le grúpa i gcaitheamh an chúrsa, de réir sraith critéar chomhaontaithe nó chomhroinnte
- Cruthú déantáin foghlama – mar shampla:
- Punann fhisiciúil nó dhigiteach (lena n-áirítear pictiúir/míreanna fuaime/míreanna físe/líníochtaí/machnaimh) a d'fhéadfaí a fhí isteach ina phunann Idirbhliana ar bhealach éigin
- Scéalchlár nó póstaer, i bhfoirm fhisiciúil nó dhigiteach
- Podchraoladh nó dialann físe arna fhorbairt de réir sraith critéar a comhaontaíodh leis an rang
- Dialann mhachnaimh a fhitear isteach ina phunann Idirbhliana
- Déantán cruthaitheach saincheaptha lena léirítear léirthuiscint don chaoi a n oibríonn inbhuanaitheacht ina shaol

## Na gnéithe cáilíochta

Is ráitis iad gnéithe cáilíochta a thacaíonn leis an múinteoir agus/nó an scoláire breithiúnas a dhéanamh faoi cháilíocht shaothar an scoláire, chun gnóthachtáil a bhronnadh. Is iad na gnéithe cáilíochta thíos na critéir a úsáidfear le measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil an scoláire ag ceann de na trí leibhéal i rith an mhicreamhodúil. Is iad seo a leanas na trí leibhéal sin: Gradam, Tuillteanas, Gnóthaithe.


**Tábla 4** Na Gnéithe cáilíochta

| Critéir | Gradam | Tuillteanas | Gnóthaithe |
|---|---|---|---|
| **Ceisteanna Inbhuanaitheachta** | Is féidir leis an scoláire tuiscint láidir, leathan a léiriú ar a cheist inbhuanaitheachta roghnaithe atá idir chriticiúil agus mhachnamhach | Is féidir leis an scoláire tuiscint a léiriú ar a cheist inbhuanaitheachta roghnaithe, a bhfuil gnéithe criticiúla agus machnamhacha ann | Is féidir leis an scoláire tuiscint réasúnta a léiriú ar a cheist inbhuanaitheachta roghnaithe atá machnamhach |
| **Scileanna Taighde** | Is féidir leis an scoláire inniúlacht láidir taighde a léiriú chun eolas a aimsiú, a mheasúnú go criticiúil agus a mheas | Is féidir leis an scoláire inniúlacht taighde a léiriú atá ag éirí níos fearr chun eolas a aimsiú, a mheasúnú, agus a mheas | Is féidir leis an scoláire inniúlacht réasúnta taighde a léiriú chun eolas a aimsiú agus a thuiscint |
| **Beart a Ghlacadh** | Léiríonn an scoláire leibhéal ard rannpháirteachais leis na smaointe agus ceisteanna, agus déanann sé beart a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus machnamh a dhéanamh air ar bhonn éifeachtach. | Léiríonn an scoláire leibhéal cuí rannpháirteachais leis na smaointe agus ceisteanna, agus déanann sé beart a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus machnamh a dhéanamh air. | Léiríonn an scoláire rannpháirteachas réasúnta leis na smaointe agus ceisteanna, déanann sé beart a phleanáil beagáinín, a chur i bhfeidhm beagáinín agus machnamh a dhéanamh air beagáinín. |
| **Muinín Chumarsáide** | Léiríonn an scoláire scileanna cumarsáide éifeachtacha maidir le tuairimí, creidimh, eolas agus tuiscint a chur in iúl agus é ag plé le daoine eile ar bhonn dáiríre | Léiríonn an scoláire scileanna cumarsáide feabhsaithe maidir le tuairimí, creidimh, eolas agus tuiscint a chur in iúl agus é ag plé le daoine eile | Léiríonn an scoláire scileanna cumarsáide atá ag teacht chun cinn maidir le tuairimí, creidimh, eolas agus tuiscint a chur in iúl agus é ag plé le daoine eile |
| **Féinmhachnamh** | Léiríonn an scoláire cumas láidir i dtaca le féinmhachnamh, agus déanann sé machnamh freisin ar an bpróiseas laistigh de chomhthéacs níos leithne na maireachtála inbhuanaithe | Léiríonn an scoláire cumas i dtaca le féinmhachnamh, agus déanann sé machnamh ar an bpróiseas laistigh de chomhthéacs níos leithne na maireachtála inbhuanaithe | Léiríonn an scoláire cumas atá ag teacht chun cinn i dtaca le féinmhachnamh, agus déanann sé machnamh ar an bpróiseas ar bhonn níos ginearálta |
| **Rannpháirtíocht Ghníomhach** | Phleanáil, agus chuir an scoláire i bhfeidhm beart fiúntach substaintiúil réamhbheartaithe | Phleanáil, agus chuir an scoláire i bhfeidhm beart fiúntach | Phleanáil, agus chuir an scoláire i bhfeidhm beart atá réasúnta ábhartha i dtreo maireachtáil inbhuanaithe |

# Tuairisciú

Déantar cur síos i Ráiteas Chlár na hIdirbhliana ar thrí ghné an tuairiscithe i gcláir Idirbhliana:

- An phunann Idirbhliana
- Machnamh an scoláire
- Tuairisciú scoile.




**Fíor 3:** Trí ghné an tuairiscithe san Idirbhliain.

Is féidir an phunann Idirbhliana a úsáid mar phunann don mhicreamhodúl seo, nó is féidir úsáid a bhaint as punann ar leith don ábhar seo chun iontráil a chruthú ina phunann Idirbhliana, mar a leagadh amach roimhe seo. Is féidir leis an scoláire a mhachnaimh a úsáid chun achoimre a dhéanamh ar thionchar an mhicreamhodúil seo ar a fhoghlaim agus ar a fhorbairt féin.

D'fhéadfaí measúnú a dhéanamh ar bheart an scoláire agus ar an déantán foghlama deiridh ach úsáid a bhaint as an gcóras tuairiscithe a úsáidtear don tuarascáil scoile. Mar shampla, d'fhéadfaí na gnéithe cáilíochta a chur in oiriúint ionas go mbeidís ailínithe leis an gcóras tuairiscithe atá roghnaithe ag an scoil. D'fhéadfadh measúnú ar láithreoireachtaí agus ar phunanna a bheith ina chabhair freisin chun achoimre a thabhairt ar fhorbairt an scoláire ar fud na nGnéithe Scoláire a bhaineann leis an micreamhodúl seo.

# Meastóireacht

Is Gné Churaclaim é Machnamh agus Athnuachan ina bpléitear leis an tábhacht a bhaineann le meastóireacht leanúnach ar chlár na hIdirbhliana agus ar chomhpháirteanna an chláir. Is é cuspóir na meastóireachta ar an micreamhodúl a fháil amach, ó dhearcadh an scoláire agus an mhúinteora, ar éirigh go maith leis an modúl agus cén chaoi ar féidir feabhas a chur air amach anseo.

D'fhéadfaí an mheastóireacht ar an micreamhodúl seo a dhéanamh trí mheascán d'aiseolas ó bhéal, meastóireacht ar líne, meastóireacht bunaithe ar aiseolas an mhúinteora mar chuid den mheastóireacht ar chlár na hIdirbhliana, nó trí úsáid a bhaint as modhanna eile a d'fhéadfadh a bheith feiliúnach don scoil.

# Acmhainní

Acmhainní molta chun tacú le cuir chuige agus oideolaíochtaí á stiúradh ag fiosrúcháin le haghaidh oideachas inbhuanaitheachta:

- Nasc CNCM chuig **Curaclam Comhtháite Idirbheartach** agus **an próiseas deich gcéim**
- Tá Rob Hopkins ag cuidiú leis an scoláire todhchaí dhifriúil a shamhlú in 'From What Is to What If' **Físeán**
- **Promoting Democracy in Schools**
- **Foghlaim Bunaithe ar Fhiosrú**

Acmhainní molta chun tacú le treoir agus teagasc faoi oideachas inbhuanaitheachta, modúil ar líne ina measc.

- Is bealach iontach é '**áit suí sa dúlra**' chun cuidiú leis an scoláire dáimh a bheith aige leis an dúlra
- Scoilnet – **straitéisí rialtais maidir le OFI agus eolaire d'eagraíochtaí a thugann tacaíocht**
- **Financial Justice Ireland**
- **World Wise Global Schools**
- **Sustainable Schools NSW**
- Climate Justice in British Columbia curriculum: **Lessons for Transformation**
- **Mary Robinson Foundation Climate Justice**
- **Oxfam**
- Collie Ennis – "**How to Build a pond**" – físeán
- **Irish Schools Sustainability Network**

Measúnú – Uirlisí chun díriú ar an bhFoghlaim ó CNCM
**https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shoisearach/measunu-agus-tuairisciu/diriu-ar-an-bhfoghlaim**

Níl sé i gceist go mbeadh na hacmhainní ar líne eisiach ná uileghabhálach, agus moltar do mhúinteoirí leas a bhaint as an mbanc acmhainní seo agus é a athrú agus cur leis dá gcleachtas féin.

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment